# Bunscoil | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

## Comhairliúchán le páistí i mbunscoileanna na hÉireann in 2023

### Taithí páistí leis an Stair agus an Tíreolaíocht sa Bhunscoil

Is iad an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag obair i gcomhar le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chuir ceisteanna ar pháistí faoina ndearcthaí agus faoina dtaithí ar Thíreolaíocht agus Stair sa bhunscoil. Baintear úsáid as an eolas le cinntí a dhéanamh maidir leis an méid a fhoghlaimeoidh páistí sa churaclam athfhorbartha don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).

**Labhraíomar le páistí idir 8–13 bliana d'aois i 3 bhunscoil éagsúla.**

Is é seo a dúradar

### C1. Cad atá á fhoghlaim agat sa Tíreolaíocht/Stair?

**Tíreolaíocht Fhisiceach (m.sh. aibhneacha, sléibhte, lochanna)**

**An Dúlra (m.sh. ainmhithe, flóra agus fána)**

**Eolaíochtaí Fisiceacha (m.sh. painéil ghréine, fuinneamh, truailliú)**

**Geografaíocht Pholaitiúil (m.sh. contaetha, tíortha, bratacha, léarscáileanna, cultúir)**

"D'fhoghlaíomar faoi phortaigh"

**Cultúir agus daoine éagsúla (m.sh. Na Ceiltigh an Chlochaois, Rómhánaigh, Astacaigh)**

**Saol na ndaoine (m.sh. Rosa Parks, Daniel O'Connell, Tom Crean)**

**Stair na hÉireann (m.sh. Finscéalta, an Gorta Mór, Cogadh na Saoirse)**

**Stair níos Leithne (m.sh. An Ré Thionsclaíoch, Fionnachtana, an Dara Cogadh Domhanda)**

"Eachtraí a tharla in Éirinn san am atá caite"



### C.2 Cad a thaitníonn leat faoin Tíreolaíocht/Stair?

- A bheith ag foghlaim faoi Éirinn
- A bheith ag foghlaim faoi thíortha eile agus faoi chultúir eile
- A bheith ag foghlaim faoi iontais an domhain
- Topaicí plé
- A bheith ag obair le cairde
- Leabhair a léamh
- Ag breathnú ar fhíseáin

"Is maith liom a bheith ag foghlaim faoi thíortha éagsúla"

- A bheith ag foghlaim faoin am atá thart
- A bheith ag foghlaim faoi mhiotais, faoi fhinscéalta, agus faoi impireachtaí
- A bheith ag foghlaim faoi dhaoine mór le rá
- Stair na hEalaíne
- Ag féachaint ar phictiúir agus rudaí éagsúla a léamh
- Scoileanna san am atá caite
- Fionnachtana

"An Chéad Chogadh Domhanda mar go bhfuil spéis agam ann"

### C.3. Cad nach dtaitníonn leat faoin Tíreolaíocht agus Stair?

- Cleachtaí téacsleabhair
- Scríbhneoireacht
- Ag foghlaim faoin tseanpholaitíocht
- Ag foghlaim faoi rudaí atá ar eolas agat cheana
- Nuair a bhíonn cúrsaí leamh

"Tá clocha leadránach"



"An chaoi a bhfuair go leor daoine bás"

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), i gcomhpháirtíocht le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

## C4. Na rudaí a bhain leis na ceachtanna Tíreolaíochta/Staire ab fhearr leat:

**Tíreolaíocht:**

- Foghlaim faoi bholcáin
- Tuarascálacha a chur i láthair
- Úsáid a bhaint as físeáin
- Úsáid a bhaint as leabhair
- Taighde a dhéanamh le *Chromebook*
- Ag dul ar thurais

**Stair:**

- An Chlochaois
- An Gorta Mór
- Michael Collins
- An Dara Cogadh Domhanda
- Ag dul ar thurais
- Taighde a dhéanamh le *Chromebook*

## C5. Do chuid mianta don Tíreolaíocht/Stair?

- Níos mó tionscadal a dhéanamh
- Cluichí a imirt
- Níos lú scríbhneoireachta
- Ag breathnú ar fhíseáin
- Fíricí a chuardach
- Gabh ar thurais
- Níos mó amharcfhoghlama
- Teangacha nua a fhoghlaim

“Níos mó rudaí idirghníomhacha”



“An méid atá á fhoghlaim agat a fheiceáil san fhíorshaol”

## Seo a leanas cuid de na rudaí atá CNCM ag déanamh le haiseolas na bpáistí:

### Dúirt na paistí

‘Níos mó turais agus níos mó amharfhoghlaim seachas cloí leis an leabhar den chuid is mó’

‘An méid atá á fhoghlaim agat san fhíorshaol a fheiceáil’

‘Cluichí tíreolaíochta’

‘Breathnú ar fhíseáin nó dul chuig áiteanna agus roinnt fíricí a chuardach’

‘Téigh chuig an Leabharlann Náisiúnta’

‘Níos mó rudaí idirghníomhacha’

‘Níos mó tuinsceneamh [tionscnamh] a dhéanamh’

‘Cluichí staire a imirt’

‘Teangacha nua a fhoghlaim cosúil le scripteanna na Lochlannach agus siombail agus uimhreacha na Normannach’

‘Ba bhreá liom a bheith in ann foghlaim faoi conas mar a bhí mo mhuintir anseo romham’

### Rinneamar

Moltar obair allamuigh agus turais allamuigh i ndréachtchuraclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil.

Tá go leor deiseanna do pháistí foghlaim ar bhealaí éagsúla chun beocht a chur sa Stair agus Tíreolaíocht.

Thugamar samplaí agus smaointe do mhúinteoirí maidir leis an gcaoi ar féidir leo foghlaim na bpáistí sa Stair agus Tíreolaíocht a dhéanamh níos spraíúla.


Chuireamar san áireamh spás le haghaidh rogha agus foghlaim faoi cheantair áitiúla sa dhréachtchuraclam don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Ní raibh an CNCM in ann aiseolas gach páiste a chur san áireamh i bpleanáil athfhorbairt an churaclaim OSI. Baineann cuid de na tuairimí a roinneadh le taisteal thar lear agus ní cuid den phleanáil curaclaim iad cinntí mar seo.

- ‘chun dul go dtí alán countries’
- ‘taisteal chuig tír eile ar feadh seachtaine’
- ‘taisteal chuig tíortha chun stair na tíre sin a fhoghlaim’

Chomhroinneamar an tuarascáil ar gach rud a dúirt na páistí leis na daoine leis na daoine ar fad a dhéanann cinntí faoin méid a fhoghlaimíonn páistí sa bhunscoil.

Anois táimid ag iarraidh ar níos mó daoine, amhail múinteoirí agus tuismitheoirí, a gcuid smaointe a thabhairt dúinn faoin méid atá scríofa againn. Déanfaimid machnamh ar smaointe gach duine sula dtabharfaimid an curaclam Oideachais Shóisialta agus Imshaoil nua chun críche.




Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), i gcomhpháirtíocht le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland